C/2024/6581

12.11.2024

P9_TA(2024)0168

Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2024 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch (16005/2023 – C9-0018/2024 – 2023/0450(NLE))

(Toiliú)

(C/2024/6581)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (16005/2023),

— ag féachaint don dréachtphrótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch (16006/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0018/2024),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0081/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Seapáine.